AN GARDA SÍOCHÁNA

# PLEAN PÓILÍNEACHTA ROINN CHILL MHANTÁIN

# 2024










Ag Coinneáil Daoine Sábháilte

**Keeping People Safe**

# Brollach le hOifigeach na Roinne



Is cúis áthais dom Plean Póilíneachta an Gharda Síochána do Rannán Cill Mhantáin don bhliain 2024 a chur i láthair. Is éard atá sa phlean ná an tríú ceann de thrí phlean bhliantúla chun na cuspóirí atá inár Ráiteas Straitéise 2022-2024 a chur i gcrích. Sa phlean seo déantar Plean Straitéiseach an Chomhchoiste Póilíneachta a bhreithniú freisin, agus an méid a dhéanann na comhpháirtíochtaí póilíneachta áitiúla a chuireann leis an bhfóram sin. Leagann an plean seo amach conas a leanfaimid ar aghaidh ag cur lenár dtiomantas lárnach muintir Chill Mhantáin a choinneáil sábháilte, bunaithe ar phrionsabail ár gCód Eitice agus ár dtiomantas do Chearta an Duine.

Táim tiomanta do luachanna gairmiúla amhail seirbhís, macántacht, cuntasacht, meas, gairmiúlacht agus caighdeáin arda eiticiúla a sheasamh, a léiriú agus a chur chun cinn i measc an phearsanra ar fad atá sannta do Rannán Chill Mhantáin agus táim fós tiomanta dár bpríomhchuspóirí, is iad sin an saol agus an mhaoin a chosaint, an tsíocháin a chaomhnú, coireacht a bhrath agus a chosc agus sábháilteacht an phobail a chothabháil.

Leis an bplean seo, cuirfear éifeacht lenár dtosaíochtaí straitéiseacha maidir le comhpháirtíochtaí pobail a neartú, coireanna a chosc go réamhghníomhach, a chur isteach orthu agus iad a bhrath, tacú le riachtanais íospartach, agus slándáil an Stáit a chosaint. Leanfaimid orainn na bealaí nuálacha agus inbhuanaithe oibre a dhaingniú, bunaithe ar phrionsabail an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn, ina aithnítear go mbeimid ag athrú agus ag claochlú go leanúnach chun freastal ar riachtanais na bpobal ar a bhfreastalaímid.

Le rolladh amach leanúnach na Samhla Oibriúcháin in 2024, cuirfear struchtúir shruthlínithe, éifeachtúla ar fáil a bheidh dírithe ar sheirbhís faoi stiúir an phobail.

Derek Hughes

Ard-Cheannfort

Rannán Chill Mhantáin

# Conas teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ina bhfuil tú féin – I gcás éigeandála, cuir glaoch i gcónaí ar 999 nó 112

| Ceannfoirt, agus teagmháil oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| **An Ceannfort Rory Sheriff Cill Mhantáin (0404) 60147** | An tInbhear Mór | 24/7 | (0402) 32304 |
| | Áth na Fuinseoige | 10am – 1pm | (0404) 40212 |
| | Eachroim | 10am – 1pm | (0402) 36142 |
| | Cill Mhantáin | 24/7 | (0404) 60140 |
| | Abhóca | 10am – 1pm | (0402) 35102 |
| | Ráth Droma | 10am – 1pm, 5pm – 7pm | (0404) 46206 |
| | An Tóchar | 10am – 1pm | (01) 2818142 |
| **An Ceannfort Pat Connell Bré (01) 6665382** | Bré | 24/7 | (01) 6665300 |
| | Áth na Sceire | 10am – 1pm | (01) 6665750 |
| | Na Clocha Liatha | 24/7 | (01) 6665800 |
| | Baile an Chinnéidigh | 10am – 1pm | (01) 2819222 |
| **An Ceannfort Gavin Hegarty Bealach Conglais (059) 6482617** | Bealach Conglais | 24/7 | (059) 6482610 |
| | Baile Coimín | 10am – 1pm, 7pm – 10pm | (045) 865202 |
| | Carn an Bhua | 10am – 1pm | (053) 9426102 |
| | Dún Luáin | 3pm – 5pm | (045) 401211 |
| | Dún Ard | 10am – 1pm | (045) 404612 |
| | Síol Éalaigh | 11am – 1pm | (053) 9429102 |
| | Tigh na hÉille | 3pm – 5pm | (0402) 38102 |
| Is féidir **Oifigigh éagsúlachta** don Rannán a aimsiú anseo, de rogha air sin, glaoigh: (053) 9163132 | | | |
| Is féidir na hoifigigh um **Chosc ar Choireanna** don Rannán a fháil anseo, nó de rogha air sin glaoigh ar: (053) 9163132 | | | |
| Is féidir cigirí um **imeaglú a bhaineann le drugaí** don Rannán a fháil anseo, de rogha air sin, glaoigh: (053) 9163132 | | | |

## 1. Pobal

Leanúint de na naisc le pobail a neartú, ag obair i gcomhpháirtíocht chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar imní i leith shábháilteacht an phobail, lena n-áirítear an dochar a dhéanann drugaí dó. | Leis an gCreat Póilíneachta Pobail soláthraítear modheolaíocht trína ndéileáiltear le saincheisteanna maidir leis an gcáilíocht beatha is saincheisteanna a bhaineann le ról an Gharda Síochána, i gcomhpháirtíocht d'fhonn an díobháil agus an eagla roimh choireacht i measc pobal a laghdú. |
| 1.2 Dul i ngleic le gach pobal chun seirbhís póilíneachta a sholáthar atá tuisceanach agus sofhreagrach do riachtanais éagsúla na sochaí. | Trí thionscnaimh a sheachadadh faoin Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Lánpháirtíocht, beidh eolas agus tuiscint ag pobail ar ról an Gharda Síochána agus féachfaidh siad orainne mar eagraíocht a chinntíonn go bhfuil ionadaíocht ag gach uile phobal, agus fágfaidh sé sin go méadófar an muinín as an tuairisciú coireachta, go háirithe i ndáil leis an gcoireacht fuatha. |
| Sprioc don Rannán<br>1.3 Obair i gcomhpháirtíocht le Gníomhaireachtaí eile chun dul i ngleic leis an dochar a dhéanann an mhangaireacht drugaí don phobal. | As a bheith ag obair go héifeachtach i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile, laghdóimid an baol díobhála inár bpobail agus beidh tionchar againn ar chumas na gcoirpeach chun; drugaí rialaithe a dháileadh, an bonn a bhaint de mhuinín na n-údarás, gnó dlisteanach a insíothlú, agus an bhonn a bhaint de, agus eagla a spreagadh agus foréigean a úsáid laistigh de phobail. |

## 1. An Obair Rialta a Dhéanaimid leis an bPobal

| Obair | Modh | Obair | Modh |
|---|---|---|---|
| Creat Póilínithe Pobail | | Cúltaca an Gharda Síochána | |
| Póilíneacht Dhírithe ar Fhadhbanna | | Fuathchoireacht | |
| TCI Pobail-Bhunaithe | | Imeaglú a Bhaineann le Drugaí | |
| Grúpaí Mionlaigh agus Daoine Óga | | An Straitéis Náisiúnta um Dhrugaí agus Alcól | |

# 2. An choireacht a chosc & An Phóilíneacht Choisctheach

Coireanna a Réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus treochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn, ag baint úsáide as cur chuige éifeachtach póilíneachta atá á threorú ag faisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 2.1 Coireanna a aithint go réamhghníomhach, a dhíriú orthu agus a chur isteach orthu ag gach leibhéal, lena n-áirítear cineálacha coireanna nua agus cineálacha coireanna atá ag teacht chun cinn. | Bainfidh an Garda Síochána an úsáid is fearr is féidir as na hacmhainní a bheidh ar fáil chun treochtaí coireachta reatha agus atá ag teacht chun cinn i spásanna uirbeacha, tuaithe agus príobháideacha a réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu, agus an timpeallacht fisiceach agus digiteach atá á gcumasc á bhreith againn, chun coireacht réamhghníomhach a chosc agus an díobháil a chosc inár bpobail. |
| 2.2 Ár n-acmhainn agus ár gcumas chun aghaidh a thabhairt ar choireanna a fheabhsú trí chomhordú, trí chomhoibriú agus trí chur chuige faisnéisbhunaithe. | Trí fheasacht phoiblí, cumas imscrúdaithe méadaithe agus oibriú lenár gcomhpháirtithe, beidh tionchar ag an nGarda Síochána ar scóip na calaoise agus na coireanna cibear-chumasaithe. |
| Spriocanna don Rannán<br>2.3 Cur isteach go réamhghníomhach ar Choireacht Eagraithe agus Thromchúiseach i gcomhar lenár gcomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. | Trí chomhoibriú leanúnach lenár gcomhpháirtithe, beidh tionchar ag an nGarda Síochána ar raon na coiriúlachta ar féidir le Grúpaí Coireachta Eagraithe agus Eagraíochtaí Coiriúla Trasnáisiúnta dul i ngleic léi. |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Oibriúcháin Choireachta | |
| Ord Poiblí | |
| Ceadúnú Licéir | |
| Coireanna Neamhbhraite | |
| Comhairle um Chosc na Coireachta | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Líon na mbrath |
| Aiseolas ón gComhchoiste Póilíneachta |
| Laghdú ar líon na nionsaithe, ord poiblí agus cionta frithshóisialta |
| Aiseolas ón bpobal |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Cur Chuige Straitéiseach i leith Atitimeachas Ciontóirí | |
| Bannaí, Barántais agus Toghairmeacha | |
| Calaois agus Coireacht Chibear-Chumasaithe | |
| Coireacht Eagraithe | |
| Gáinneáil ar Dhrugaí | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Líon na Barántas agus Toghairmeacha |
| Braite i leith Cionta Drugaí |
| Líon na n-iniúchtaí ar cheadúnú licéir agus oibríochtaí ceannaigh tástála licéir arna ndéanamh |
| Monatóireacht ar choinníollacha bannaí |

## 3. Íospartaigh & Daoine Soghonta

Dochar a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine soghonta a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 3.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun seirbhísí agus tacaíochtaí cuí a sholáthar d'íospartaigh na coireachta, agus béim ar leith a leagan ar choireacht bhaile, ghnéasach agus inscne. | Leanfaimid ag cur lenár n-éiteas atá dírithe ar íospartaigh, ag obair ar bhonn leanúnach chun tacaíochtaí cuí a fheabhsú agus a chinntiú d'íospartaigh agus do dhaoine atá i mbaol freisin. |
| 3.2 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Beidh muinín ag pobail as ár ngréasán bóithre mar thoradh ar an bpóilíniú éifeachtach ar bhóithre, ar oideachas, ar fhorbairt feasachta, agus ar oibriú lenár gcomhpháirtithe chun bóithre níos sábháilte a bheith ann agus laghdú ar imbhuailtí marfacha agus díobhálacha tromchúiseacha. |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Coireacht atá bainteach le gnéas | |
| Foréigean Baile | |
| Íospartaigh na Coireachta | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Uirlis Measúnaithe Riosca a Chríochnú | |
| Líon na mbrath Tarrthála | |
| Líon na gcionta gnéis arna dtuairisciú | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Tomhas Coireachta Torthaí-Bhunaithe | |
| Sábháilteacht ar Bhóithre | |
| Oibríochtaí um Póilíniú Bóithre | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Torthaí ó imscrúduithe coireachta | |
| Líon na n-imbhuailtí marfacha agus tromchúiseacha | |
| An Beartas Íospartach a Chomhlíonadh | |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus mhuintir an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí ar a leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 4.1 Slándáil an Stáit a chosaint trí oibríochtaí faisnéis-threoraithe ina n-oibritear i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta araon, agus ina sainaithnítear bagairtí sceimhlitheoireachta agus gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus ina gcuirtear isteach orthu siúd. | Déanfar cumas an Gharda Síochána chun freagra a thabhairt, lenár gcomhpháirtithe idirghníomhaireachta agus páirtithe leasmhara pobail, i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus bearta gníomhaithe naimhdeacha, a choimeád agus a fheabhsú. |
| 4.2 Cur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Forbartha um Sheirbhís Slándála chun cumas agus acmhainn slándála agus faisnéise an Gharda Síochána a neartú. | Trí Phlean Forbartha na Seirbhíse Slándála a chur i bhfeidhm go leanúnach, beidh cumas agus acmhainn méadaithe ag an nGarda Síochána i gCill Mhantáin chun sceimhlitheoireacht fhéideartha agus gníomhaíochtaí gníomhaithe naimhdeacha a aithint agus cur isteach orthu, ag laghdú riosca don Stát agus dochar inár bpobail. |

## 5. Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht

Cultúr d'fheabhsú leanúnach a spreagadh agus a chothú, a chuireann le nuálaíocht agus freagrúlacht i leith athruithe.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 5.1 Na struchtúir is gá a dhaingniú chun cumas agus acmhainn ár n-eagraíochta chun athrú a fheabhsú, agus chun tacú le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh. | Leanfaimid orainn na hathruithe agus na feabhsuithe is gá le bheith mar sheirbhís póilíneachta dinimiciúil agus inoiriúnaithe a dhaingniú agus a chothú, agus fís an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn á bhaint amach againn. |
| 5.2 An inbhuanaitheacht a chumasú, a fhorbairt agus a thacú ar fud an Gharda Síochána tríd an Treochlár um an nGhníomhú ar son na hAeráide, 2023-2030 a chur i bhfeidhm | Cruthóimid an cumas chun déileáil le dúshláin inbhuanaitheachta, idir dúshláin atá ag teacht chun cinn agus dúshláin amach anseo araon, agus cur chuige atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil á chur i gcrích againn i leith seachadadh seirbhíse. |

## Cumasóir 1: Comhpháirtíochtaí

Is mór ag an nGarda Síochána gur eagraíocht í atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E1.1 Feabhas a chur ar ár gcumas tacaíochtaí cuí Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, lena gcuirfear ar chumas ár bpearsanra rath a bhaint amach ina ról. | Cinnteoimid go bhforbrófar na pearsanra agus go ndéanfar bainistiú ar a bhfeidhmíocht ionas go n-éireoidh leo ina róil. |
| E1.2 Tacú le sláinte agus folláine ár bpearsanra trínár Straitéis um Shláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm. | Feabhsóimid ár n-acmhainn eagraíochtúil chun tacú le meabhairshláinte agus folláine ag gach leibhéal agus neartóimid an bonneagar piar-thacaíochta chun sláinte agus folláine ár ndaoine a chinntiú. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha a fhorghníomhú agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E2.1 Obair le comhpháirtithe chun cur chuige ildisciplíneach agus 'seirbhís iomlán' a fheabhsú d'fhonn daoine a choinneáil sábháilte. | Mar gheall ar an obair chomhpháirtíochta, trí dheiseanna agus cuir chuige ildisciplíneacha, neartófar ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht, agus cuirfear ar ár gcumas chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna imní atá ag an bpobal, agus ar dhúshláin reatha agus ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn araon. |
| E2.2 Deiseanna a iniúchadh, a fhorbairt agus a thapú chun comhoibriú trasna earnálacha ar mhaithe lenár gcur chuige bunaithe ar fhianaise i leith na seirbhíse a neartú. | Le hobair comhoibrithe leanúnach nó feabhsaithe agus/nó obair comhoibrithe nua neartófar an seachadadh seirbhíse agus an éifeachtacht seirbhíse. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhá-bhealach a fhorbairt trí bhealaí nua agus reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E3.1 Rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a neartú tríd an gcumarsáid oscailte spriocdhírithe. | Beidh tuiscint níos fearr againn ar riachtanais an raon éagsúil pobal ar a bhfreastalaímid. Beidh sé sin de chuidiú chun sonraí a thiontú go heolas, agus eagraíocht eolach a fhorbairt, agus an chinnteoireacht a chumasú ag gach uile leibhéal. |
| E3.2 Freagra a thabhairt ar an méid a bheidh arna fhoghlaim in Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána. | Beidh tuiscint níos fearr againn ar riachtanais ár bpearsanra. Beidh sé sin de chuidiú chun sonraí a thiontú go heolas, agus eagraíocht eolach a fhorbairt, agus an chinnteoireacht a chumasú ag gach uile leibhéal. |

## Cumasóir 4: Cumasú & Muinín

Cultúr cumhachtaithe agus muiníne a chothú, fréamhaithe san ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E4.1 An t-iompar gairmiúil agus an t-iompar eiticiúil sa Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú. | Trí chultúr machnaimh agus foghlama, coimeádfaidh an Garda Síochána muinín agus muinín an phobail. Déanfar é seo a chumasú trí chearta an duine agus cinnteoireacht eiticiúil a leabú. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochtúil an Gharda Síochána a rolladh amach. | Cuirfear seirbhísí feabhsaithe ar fáil go comhsheasmhach, agus beidh smacht níos fearr ag an Rannán ar an mbealach a sheachadtar póilíneacht go háitiúil, agus muid ag feidhmiú ag an am céanna laistigh de chreat corparáideach. |

## Cumasóir 5: An Póilíniú Faisnéis-Láraithe

Seirbhís a chothú atá faisnéis-treoraithe, ag úsáid sonraí agus teicneolaíochta chun éifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E5.1 Ár bhFís Sonraí agus Teicneolaíochta a chur chun cinn trí chur i bhfeidhm an Treochláir TFC, 2024. | Mar gheall ar na gníomhaíochtaí seo cumasófar an bhainistíocht sonraí comhsheasmhach agus ardchaighdeáin, agus seachadadh Póilíneachta Faisnéise-threoraithe ar fud na heagraíochta, le tairbhí bainte amach thar na crainn taca uile, go háirithe iontu siúd a bhaineann le Pobal, Dul i nGleic le Coireachta & Póilíneacht Choisctheach, agus Íospartaigh & Daoine Leochaileacha. |
| E5.2 Cáilíocht fheabhsaithe sonraí a ghiaráil chun úsáid na sócmhainní sonraí sa Phóilíniú Oibriúcháin a leathnú de réir a chéile. | Mar gheall ar na gníomhaíochtaí seo cumasófar an bhainistíocht sonraí comhsheasmhach agus ardchaighdeáin, agus seachadadh Póilíneachta Faisnéise-threoraithe ar fud na heagraíochta, le tairbhí bainte amach thar na crainn taca uile, go háirithe iontu siúd a bhaineann le Pobal, Dul i nGleic le Coireachta & Póilíneacht Choisctheach, agus Íospartaigh & Daoine Leochaileacha. |

## Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

| Cineál Tacaíochta | Ainm | Suíomh Gréasáin | Ríomhphost | Teileafón |
|---|---|---|---|---|
| Eolaire | Eolaire Pobail Chill Mhantáin | www.wicklowcommunitydirectory.ie | | |
| Foréigean Baile | Tacaíocht ANU um Fhoréigean Baile, Cill Mhantáin | www.anuwicklow.ie | outreach@braywomensrefuge.com | (086) 0597560 |
| | Tearmann Ban Bhré | | | (01) 2866163 |
| | Saoirse Domestic Violence Services | | helpline@svds.ie | (01) 4630000 |
| | Cúnamh d'Fhir | www.mensaid.ie | hello@mensaid.ie | (01) 5543811 |
| | Cleachtóir Tusla um an Tacaíocht um Fhoréigean Baile | | niamhm.harney@tusla.ie | (045) 839300 |
| Eile | Ionad Pavee don Lucht Siúil agus do Romaigh | www.paveepoint.ie | bridgie.collins@pavee.ie | (01) 8780255 |
| | Ionad Éigeandála um Éigniú, Baile Átha Cliath | www.drcc.ie | info@rcc.ie | 1800 778888 |
| | Ionsaí Gnéasach Aonad Cóireála | www.rotunda.ie/satu | satu@rotunda.ie | (01) 8171700 |
| Seirbhísí Poiblí | An Coiste um Sheirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga | www.cypsc.ie | fionnuala.curry@tusla.ie | (087) 6043511 |
| | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | www.legalaidboard.ie | lawcentrewicklow@legalaidboard.ie | (01) 2022644 |
| | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | www.hse.ie | infoline1@hse.ie | (0404) 68400 |
| | An Chúirt Dúiche | www.courts.ie | braydcusers@courts.ie | (01) 2744800 |
| | Comhairle Contae Chill Mhantáin | www.wicklow.ie | customerservice@wicklowcoco.ie | (0404) 20100 |
| | Faisnéis Do Shaoránaigh | www.citizensinformation.ie | bray@citinfo.ie | (076) 1076780 |
| Drugaí agus Alcól | Tascfhórsa Áitiúil um Dhrugaí & Alcól an Oirthuaiscirt | www.ecrdatf.ie | ecrdatf@gmail.com | (01) 2744132 |
| | Líne Chabhrach um Dhrugaí agus Alcól | www.drugs.ie | | 1800 459459 |

## Icon Bank

| Brí | Icon |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú duine-le-duine |
|  | Ar an bhfón |
|  | Trí Ríomhphost |
|  | Sa phost |
|  | Ar an raidió |
|  | Ar Theilifís |
|  | Ar na meáin shóisialta |
|  | Feachtais sna Meáin Chumarsáide |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Leis na Gardaí, duine-le-duine |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí |
|  | TCI |
|  | Ar chos |
|  | Ar rothar |
|  | Le Carranna |
|  | Ar Ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |



AN GARDA SÍOCHÁNA